Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 22 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12584/23**

**LIMITE**

**CO EUR-PREP 31**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (26 agus 27 Deireadh Fómhair 2023) – Dréacht-Chonclúidí |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na dréachtchonclúidí a d'ullmhaigh Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin.*

## I. AN ÚCRÁIN

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, cogadh atá ina shárú follasach ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil an tAontas Eorpach ag tacú go daingean le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad agus le ceart bunúsach na hÚcráine í féin a chosaint in aghaidh fhogha na Rúise.

2. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht láidir airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a chur ar fáil don Úcráin agus dá muintir a fhad is gá. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an Úcráin agus tacóidh sé lena hiarrachtaí ar athchóiriú a dhéanamh agus í ar a conair i dtreo ballraíocht san Aontas.

3. Go háirithe, leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht mhíleata inbhuanaithe a chur ar fáil don Úcráin, go háirithe tríd an tSaoráid Eorpach Síochána [*iontráil mheabhráin an 8ú sraith de bhearta cúnaimh a d'fhéadfaí a ghlacadh*] agus trí Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá iarrachtaí déthaobhacha na mBallstát, agus an gá atá le dlús a chur, láithreach, le tacaíocht mhíleata a thabhairt don Úcráin chun cabhrú léi freastal ar a riachtanais phráinneacha mhíleata agus chosanta, lena n-áirítear armlón agus diúracáin, chomh maith le córais aerchosanta chun a muintir agus a bonneagar criticiúil agus fuinnimh a chosaint.

   San fhadtéarma, rannchuideoidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit, i gcomhar le comhpháirtithe, leis na gealltanais slándála don Úcráin amach anseo, rud a chuideoidh leis an Úcráin í féin a chosaint, a chuirfidh in aghaidh na n-iarrachtaí díchobhsúcháin agus a chuirfidh bac ar ghníomhartha foghacha amach anseo. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí, le treoir ón gComhairle, plé leis an Úcráin maidir leis na gealltanais slándála a mholfaidh an tAontas amach anseo agus tuairisc ar na pléití sin a chur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí i mí na Nollag.

   Tabharfar an tacaíocht mhíleata go léir agus comhlíonfar na gealltanais slándála go léir agus lánurraim á tabhairt do bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile á gcur san áireamh.



PUBLIC

4. Agus ionsaithe leanúnacha á ndéanamh ag an Rúis ar bhonneagar sibhialta agus criticiúil na hÚcráine, cuirfidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit dlús le soláthar na cabhrach daonnúla agus cosanta sibhialta don Úcráin, lena n-áirítear trealamh, mar shampla gineadóirí cumhachta, claochladáin chumhachta, stáisiúin shoghluaiste téimh, agus trealamh ardvoltais agus soilsithe, chun cabhrú leis an Úcráin agus lena muintir aghaidh a thabhairt ar gheimhreadh eile i mbun cogaidh.

5. Leanfaidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit dá n-iarrachtaí treisithe for-rochtana taidhleoireachta agus leanfaidh siad de bheith ag obair i gcomhar leis an Úcráin agus le tíortha eile chun an tacaíocht idirnáisiúnta is leithne is féidir a áirithiú do shíochháin chóir chuimsitheach mharthanach agus do phríomhphrionsabail agus do phríomhchuspóirí Fhoirmle Shíochána na hÚcráine, d'fhonn Cruinniú Mullaigh Domhanda Síochána a thionól.

6. Tá an Rúis freagrach as an damáiste ollmhór atá déanta aici agus cogadh foghach á fhearadh aici ar an Úcráin. Tá gá le dul chun cinn cinntitheach, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe, maidir le hioncam amhantair atá i seilbh eintiteas príobháideach a eascraíonn go díreach as sócmhainní díluailithe na Rúise a stiúradh chun tacú le téarnamh agus atógáil na hÚcráine, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún dlús a chur leis an obair ar an tsaincheist seo. Leanann an tAontas Eorpach de bheith tiomanta tacú le deisiú, téarnamh agus atógáil na hÚcráine, i gcomhar leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear an próiseas dímhianadóireachta. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an toradh a bhí ar an gComhdháil Idirnáisiúnta Deontóirí a tionóladh i Ságrab an `11 agus an 12 Deireadh Fómhair 2023 maidir le dímhianú daonnúil san Úcráin, lena n-áirítear tacaíocht do rialachas éifeachtúil ar chomhrac mianach.

7. Ní mór don Rúis agus dá lucht ceannais a bheith cuntasach go hiomlán as an gcogadh foghach atá á fhearadh aici ar an Úcráin agus as coireanna tromchúiseacha eile faoin dlí idirnáisiúnta. Iarrann an Chomhairle Eorpach go leanfaí den obair, lena n-áirítear sa Chroíghrúpa, ar na hiarrachtaí chun binse a bhunú chun coir an fhogha faoin Úcráin a ionchúiseamh, a mbeadh an tacaíocht agus an dlisteanacht trasréigiúnach is leithne aige [agus maidir le sásra cúitimh iomláin a bhunú]. Thairis sin, cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl go dtacaíonn sí le hobair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta agus cáineann sí iarrachtaí na Rúise an bonn a bhaint dá sainordú agus dá feidhmiú idirnáisiúnta.

PUBLIC

8. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach go láidir ar an Rúis agus ar an mBealarúis, a áirithiú láithreach go bhfillfear go sábháilte gach leanbh Úcránach agus gach saoránach eile de chuid na hÚcráine a díbríodh go neamhdhleathach agus a aistríodh.

9. Ní mór cumas na Rúise an cogadh foghach atá sí a fhearadh a lagú a thuilleadh, lena n-áirítear trí smachtbhannaí a neartú, iad a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach agus an teacht timpeall orthu a chosc, go háirithe i gcás earraí ardriosca, i ndlúthchomhar le comhpháirtithe agus comhghuaillithe. Cáineann an Chomhairle Eorpach an tacaíocht mhíleata atá á tabhairt i gcónaí ag an Iaráin agus ag an mBealarúis do chogadh foghach na Rúise. Tathantaíonn sí freisin ar gach aon tír, go háirithe Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC), gan tacaíocht ábharach ná eile a chur ar fáil do chogadh foghach na Rúise. Cuirfidh an tAontas Eorpach dlús lena chuid oibre le comhpháirtithe chun cur i gcoinne insintí bréagacha agus bréagaisnéis na Rúise faoin gcogadh.

10. [Is cúis mhór imní don Aontas Eorpach gur fhógair Cónaidhm na Rúise go bhfuil sé ar intinn aici an daingniú a rinne sí ar an gConradh um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBT) a chúlghairm.]

11. Léiríonn cinneadh aontaobhach na Rúise deireadh a chur le cur chun feidhme Thionscnamh Grán na Mara Duibhe agus na hionsaithe a rinne sí d'aon ghnó ar shaoráidí stórála agus onnmhairiúcháin gráin na hÚcráine, chomh maith leis na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh aici chun bac a chur ar an tsaoirse loingseoireachta sa Mhuir Dhubh, go leanann an Rúis d'uirlis troda a dhéanamh de bhia agus den bhonn a bhaint den tslándáil bia ar fud an domhain. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá an tslándáil agus an chobhsaíocht sa Mhuir Dhubh d'onnmhairí inbhuanaithe gráin. Tacaíonn sé le gach iarracht, lena n-áirítear iarrachtaí na Náisiún Aontaithe, onnmhairiú gráin agus táirgí talmhaíochta eile de chuid na hÚcráine chuig na tíortha is mó gátar a éascú, go háirithe san Afraic agus sa Mheánoirthear. Iarrann an Chomhairle Eorpach go bhfeabhsófaí toilleadh Lánaí Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a thuilleadh chun idirthuras agus onnmhairiú chuig na tíortha sin a éascú, agus iarrann sí ar an gCoimisiún bearta nua a mholadh chun na críche sin.

12. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur cuireadh síneadh leis an gcosaint shealadach do dhaoine easáitithe ón Úcráin go dtí mí an Mhárta 2025. Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí leanúint de thacaíocht a thabhairt do dhaoine easáitithe, san Úcráin agus san Aontas Eorpach araon, lena n-áirítear trí chúnamh airgeadais solúbtha leordhóthanach do na Ballstáit sin a bhfuil an t-ualach is mó orthu ó thaobh chostais leighis, oideachais agus mhaireachtála na ndídeanaithe.

13. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt do Phoblacht na Moldóive chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimpi mar thoradh ar fhogha na Rúise faoin Úcráin, agus lena hiarrachtaí athchóirithe ar a conair i dtreo ballraíocht san Aontas.

## II. AN MEÁNOIRTHEAR

14. Agus an Ráiteas óna cuid comhaltaí á athdhearbhú aici ón 15 Deireadh Fómhair 2023, rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le gnéithe éagsúla gníomhaíochta agus obair leantach ar an staid mar atá.

15. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach leis an iarraidh ón Ardrúnaí Guterres (Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe) go gcuirfí sos daonnúil i bhfeidhm chun rochtain dhaonnúil shábháilte agus cabhair a thabhairt dóibh siúd atá i ngátar. Oibreoidh an tAontas Eorpach i ndlúthchomhar le comhpháirtithe sa réigiún chun sibhialtaigh a chosaint, chun tacú leo siúd atá ag iarraidh áit shábháilte a bhaint amach nó cúnamh a chur ar fáil, agus chun rochtain ar bhia, ar uisce, ar chúram leighis, ar bhreosla agus ar dhídean a éascú. Athdhearbhaíonn sí gur gá na gialla uile a scaoileadh saor láithreach gan aon réamhchoinníoll.

16. Meabhraíonn an Chomhairle Eorpach gur gá géarú réigiúnach a sheachaint agus plé leis na comhpháirtithe i ndáil leis sin, Údarás na Palaistíne san áireamh.

17. Tá an tAontas Eorpach réidh chun cuidiú leis an bpróiseas polaitiúil a athbheochan ar bhonn an réitigh dhá stát, agus is díol sásaimh dó tionscnamh an Chruinnithe Mullaigh Síochána a mhol an Éigipt.



PUBLIC

## III. CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL 2021-2027

18. Tar éis seisiún tuairimíochta críochnaitheach a bheith aici maidir leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle leanúint ar aghaidh leis an obair, d'fhonn teacht ar chomhaontú faoi dheireadh na bliana.

## IV. AN GEILLEAGAR

19. I bhfianaise na ndúshlán atá ann agus atá ag dul i gcastacht, lena n-áirítear tírdhreach déimeagrafach atá ag athrú agus an iomaíocht dhomhanda atá ag dul i méid, tá bonn láidir eacnamaíoch de dhíth ar an Aontas Eorpach chun a iomaíochas fadtéarmach agus cothrom iomaíochta a áirithiú go hinmheánach agus ar fud an domhain araon, agus Margadh Aonair lánfheidhmiúil agus a cheithre shaoirse ina chroílár. Ní mór don Aontas Eorpach a bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch a neartú agus a athléimneacht eacnamaíoch, nascacht shlán, rochtain dhomhanda ar an margadh agus táirgiúlacht a fheabhsú, agus a gheilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna.

Agus measúnú á dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo, leag an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé dlús a chur leis an obair maidir leis an méid a leanas:

a) buntáiste iomaíoch an Aontais a fhorbairt maidir le teicneolaíochtaí digiteacha agus teicneolaíochtaí glana, lena n-áirítear trí dhíriú ar an nuálaíocht, ar thaighde, ar an oideachas agus ar scileanna;

b) soláthar leordhóthanach fuinnimh atá glan agus inacmhainne a áirithiú;

c) príomhspleáchais chriticiúla a laghdú agus slabhraí soláthair a éagsúlú trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha;

d) an t-aistriú chuig geilleagar níos ciorclaí a chothú; agus

e) an t-ualach rialála a laghdú.



PUBLIC

20. Déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

a) iarrann sí ar na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú pras maidir leis an nGníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla, an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus maidir leis an athchóiriú ar dhearadh an mhargaidh leictreachais;

b) iarrann sí go gcuirfí tús leis an obair ar mheasúnuithe riosca comhpháirteacha, i bhfianaise an mholta maidir le réimsí criticiúla teicneolaíochta;

c) iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tuilleadh feabhais a chur ar chreatchoinníollacha le haghaidh infheistíochta, lena n-áirítear trí chreat rialála coiteann, soiléir agus comhleanúnach agus trí thimpeallacht ghnó a bheadh níos fabhraí don iomaíochas. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar gach institiúid ábhartha obair a thabhairt ar aghaidh chun rialáil a shimpliú agus chun an t-ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a laghdú, lena n-áirítear ceanglais tuairiscithe, go háirithe do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta. Iarrann sí freisin ar an gCoimisiún tograí breise a fhorbairt i ndáil leis sin, agus deiseanna an gheilleagair sonraí agus sonraí gnó caighdeánaithe a thapú;

d) iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí cur chun feidhme na gconclúidí ón gComhairle Eorpach an 9 Feabhra agus an 23 Márta 2023 maidir leis an bhfreagairt ar Acht um Laghdú Boilscithe na Stát Aontaithe a thabhairt chun críche agus bearta breise a ghlacadh a mheasfaí a bheith riachtanach chun iomaíochas agus tarraingteacht an Aontais don infheistíocht a fheabhsú;

e) meabhraítear di gur iarradh ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le tionchar an bheartais reatha státchabhrach ar shláine an Mhargaidh Aonair agus ar iomaíochas domhanda an Aontais.

## V. <u>IMIRCE</u>

21. Bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir leis an imirce.

PUBLIC

## VI. ÁBHAIR EILE

22. Déanann an Chomhairle Eorpach comhbhrón ó chroí le híospartaigh na dtubaistí nádúrtha agus na dteagmhas adhaimsire a tharla le déanaí agus seasann sí i ndlúthpháirtíocht leis na híospartaigh sin i mBallstáit an Aontais agus i dtríú tíortha.

23. Léiríonn a mhinice a tharlaíonn na teagmhais adhaimsire, agus a dhéine a bhíonn siad, an phráinn a bhaineann leis an bhfreagairt dhomhanda ar an éigeandáil aeráide. Tá iarrachtaí maidir le hoiriúnú don athrú aeráide ríthábhachtach chun athléimneacht an Aontais agus cumas freagartha ar ghéarchéimeanna an Aontais a neartú. Rinne an Chomhairle Eorpach a marana ar na hullmhúcháin do Chomhdháil 2023 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide in Dubai (COP28) agus d'iarr sí go mbeadh níos mó uaillmhéine ann agus go ndéanfaí tuilleadh gníomhaíochta ar an leibhéal domhanda, agus béim á leagan aici air, i gcomhréir le tuarascálacha ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, chun go mbeifí in ann an téamh a theorannú go leibhéal thart ar 1.5 C, nach mór deireadh a chur le hardú domhanda astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2025 ar a dhéanaí. Iarrann an Chomhairle Eorpach go dtabharfadh an tAontas Eorpach an tacaíocht is leithne don Ghealltanas Domhanda maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus Éifeachtúlacht Fuinnimh ag COP28.

24. I bhfianaise an damáiste atá déanta don bhonneagar criticiúil i Muir Bhailt de bharr gníomhaíocht sheachtrach, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar an ngá atá le bearta éifeachtacha chun an athléimneacht a neartú agus chun slándáil an bhonneagair chriticiúil a áirithiú. Cuireann sí i dtreis freisin a thábhachtaí atá cur chuige cuimsitheach agus comhordaithe maidir le hullmhacht agus freagairt ar ghéarchéimeanna an Aontais Eorpaigh, [*inter alia* trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta,] lena n-áiritheofar go rannchuideoidh gach earnáil le cur chuige uile-ghuaiseacha.

PUBLIC

25. Is cúis mhór imní don Chomhairle Eorpach an staid slándála i dtuaisceart na Cosaive*. Cáineann sé go láidir an t-ionsaí foréigneach i gcoinne Phóilíní na Cosaive an 24 Meán Fómhair 2023. Tá an tAontas Eorpach ag súil go ndéanfar déantóirí na coire a ghabháil agus a thabhairt os comhair na cúirte go pras agus go gcomhoibreoidh an tSeirbia go hiomlán agus go ndéanfaidh sí gach beart is gá. Ní mór don Chosaiv agus don tSeirbia leanúint d'iarrachtaí leanúnacha chun an lasóg a bhaint den bharrach, go háirithe toghcháin nua a reáchtáil i dtuaisceart na Cosaive a luaithe is féidir, le rannpháirtíocht ghníomhach Sheirbiaigh na Cosaive. Mura ndéanfar an teannas a dhíghéarú, beidh iarmhairtí aige sin. Is oth leis an gComhairle Eorpach nár chuir an dá Pháirtí an Comhaontú chun feidhme maidir leis an mbealach i dtreo an normalaithe agus an Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis chomh maith le comhaontuithe eile ar thángthas orthu san Idirphlé arna éascú ag an Aontas, faoi stiúir an Ardionadaí agus le tacaíocht ó Ionadaí Speisialta an Aontais. Iarrann sí ar an gCosaiv agus ar an tSeirbia iad a chur chun feidhme gan mhoill agus gan réamhchoinníollacha. Áirítear leis sin bunú Chomhlachas/Chomhphobal na mBardas Seirbiach. Is coinníoll riachtanach é normalú an chaidrimh ar chonair Eorpach an dá Pháirtí agus tá an baol ann go gcaillfidh an dá pháirtí deiseanna tábhachtacha in éagmais dul chun cinn.

26. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis go dtacaíonn sí le síocháin bhuan a chur chun cinn idir an Airméin agus an Asarbaiseáin bunaithe ar aitheantas frithpháirteach don cheannasacht, ar dhosháraitheacht na dteorainneacha agus ar shláine críche. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl gur cúis mhór imní di oll-easáitiú na nAirméanach in Karabakh le déanaí. Leanfaidh an tAontas Eorpach de chúnamh daonnúil agus cosanta sibhialta a chur ar fáil don Airméin. Ní mór do dhídeanaithe a bheith saor chun a gceart chun filleadh a fheidhmiú, gan aon choinníollacha, le faireachán idirnáisiúnta, agus urraim chuí á tabhairt dá stair, dá gcultúr agus do chearta an duine. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach súil ghéar ar an ábhar sin. Molann an Chomhairle Eorpach don dá pháirtí próiseas normalaithe na Bruiséile a atosú go pras.

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

27. Bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir leis an staid sa tSaiheil. Cuireann sí in iúl gur cúis imní di an meath leanúnach atá ag teacht ar an staid slándála sa tSaiheil, rud atá níos measa fós mar gheall ar an éagobhsaíocht pholaitiúil. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar an gcaoi a bhfuil cobhsaíocht na Saiheile agus an réigiúin máguaird, lena n-áirítear stáit chósta chomharsanachta, ríthábhachtach do shlándáil agus do rathúnas an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, is ábhar mór imní í staid dhaonnúil na ndaoine atá ina gcónaí sa tSaiheil. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith i dteagmháil le ECOWAS agus le príomh-chomhpháirtithe sa réigiún. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún roghanna a chur i láthair chun gníomhaíocht an Aontais agus ionstraimí ábhartha a oiriúnú don staid reatha sa réigiún. Iarrann an Chomhairle Eorpach go scaoilfí saor láithreach an tUachtarán Bazoum agus a theaghlach.

***

*Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh le déanaí sa Fhrainc agus sa Bheilg inar maraíodh agus gortaíodh náisiúnaigh de chuid na Sualainne agus na Fraince. Seasann an tAontas Eorpach go diongbháilte le chéile i gcomhrac na sceimhlitheoireachta, an fhuatha agus an antoisceachais fhoréignigh de gach cineál. Iarraimid ar na hinstitiúidí Eorpacha uile agus ar na Ballstáit uile páirt a ghlacadh sna hiarrachtaí comhbheartaithe chun na réimsí beartais uile a shlógadh i ndáil leis an méid sin.*

PUBLIC